An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

# Próiseáil Teanga Gestalt: Comhairle do Mhúinteoirí

# Réamhrá

Agus an téarma Próiseáil Teanga Gestalt (PTG) ag éirí níos coitianta i suíomhanna oideachais, d'aithin an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) an gá le faisnéis shoiléir agus inrochtana faoin ábhar a chur ar fáil.

Foireann CNOS um Theiripe Urlabhra agus Theanga a d'fhorbair ábhair na hacmhainne seo. Tá oiliúint ghairmiúil bhreise ag gach duine san fhoireann i réimse na forbartha teanga gestalt. Tá sé bunaithe ar cleachtas fianaisebhunaithe atá cothrom le dáta, in éineacht le taithí ghairmiúil CNOS ar bheith ag obair i scoileanna chun tacú le hionchuimsiú, rannpháirtíocht agus folláine daltaí ar próiseálaithe teanga gestalt iad.

San acmhainn seo, sainmhínítear an phríomhthéarmaíocht a bhaineann le Sealbhú Teanga go Nádúrtha (STN) agus PTG. Tugtar straitéisí praiticiúla do mhúinteoirí chun tacú le sealbhú teanga de gach cineál, lena n-áirítear PTG, laistigh de raon feidhme gairmiúil múinteora.

Amhail ó 2025, agus chomh fada agus is eol dúinn, úsáidtear teanga agus moltar cleachtas sa doiciméad seo a léiríonn an taithí agus an fhianaise reatha. Aithnímid go bhféadfaidh athrú teacht ar an teanga, friotal agus téarmaíocht a mheastar a bheith ina ndea-chleachtas faoi láthair agus féachfar leis an teanga agus leis an gcleachtas is déanaí a bheidh ar fáil a chur san áireamh i leaganacha d'acmhainní Teiripe CNOS amach anseo.


# Próiseáil Teanga Gestalt: Comhairle do Mhúinteoirí

Meastar faoi láthair go bhfuil bealaí éagsúla ann chun teanga a fhoghlaim agus a phróiseáil. D'fhéadfadh roinnt leanaí bheith ina bpróiseálaithe teanga Gestalt (PTG) agus d'fhéadfadh roinnt a bheith ina bpróiseálaithe teanga anailíseacha (PTA). Ar an gcaoi chéanna le PTAnna, bíonn céimeanna intuartha i gceist leis an bhforbairt teanga i gcás PTGanna. Teanga bhunaidh, sholúbtha an toradh deiridh ar na céimeanna sin.

Ní coincheap nua é PTG, d'fhoilsigh an Dr. Barry Prizant na céimeanna sin ina thaighde i 1983. Scríobh Marge Blanc leabhar faoi fhorbairt teanga gestalt in 2012 inar leag sí na céimeanna sin amach i gcreat dar teideal Sealbhú Teanga go Nádúrtha (STN).

Tosaíonn próiseálaithe teanga gestalt trí ghiotaí teanga, nó 'nathanna cainte gestalt' a fhoghlaim.

Mar a léirítear sa léaráid thíos, seans gurb é frása an chéad rud a deir próiseálaí teanga gestalt, e.g. '*to infinity and beyond*'. Is minic a bhíonn nasc idir na giotaí teanga sin agus cás/scéal agus bíonn siad lán de bhrí don dalta ar bhealach éigin. Seans nach mbeidh an bhrí sin follasach dá múinteoir ná dá gcuramóir láithreach bonn. Os a choinne sin, is minic gurb é focal an chéad rud a deir próiseálaí anailíseach, e.g. '*milk*'. Beidh an focal sin lán de bhrí dóibh agus beidh brí chomhroinnte aige lena gcúramóirí, de ghnáth.




*NHS Trust Coventry and Warwickshire Partnership, 2023 -oiriúnaithe ó Barry Prizant (1983)*

Le himeacht ama, foghlaimíonn próiseálaithe teanga gestalt leis na giotaí teanga sin a bhriseadh síos ina bhfrásaí nó aonaid aonair.

Foghlaimíonn leanaí aonaid teanga ó chláir theilifíse, amhráin nó imeachtaí, de ghnáth. Is féidir ceangal a bheith acu le heispéireas, a d'fhéadfadh a bheith nasctha le mothúcháin mhóra (e.g. 'Dia dhuit a Uasail Ghréine', rud a chiallaíonn 'táim ag iarraidh dul amach faoin aer'). D'fhéadfadh daltaí gestalt a úsáid arís nó 'macalla' a thabhairt air tráth níos déanaí, taobh amuigh den chomhthéacs, uaireanta. Tugtar 'macallachas moillithe' air sin go minic. Is minic a dhíríonn próiseálaithe teanga gestalt aird ar phatrúin iontonaithe shaibhre (na tuineacha ceolmhara ag ardú agus ag ísliú) sa chaint. Uaireanta is é an t-iontonú an rud a ndéanann siad athrá air. Seans go gceapfá gur chabaireacht é nó sraith fuaimeanna nach bhfuil ciall leo do dhaoine eile. D'fhéadfaidís an frása iomlán, amhrán nó focal a athrá freisin (e.g. Cé mhéad atá ar an madra sin sa fhuinneog). Tá próiseálaithe teanga gestalt éagsúil le próiseálaithe teanga anailíseacha a fhoghlaimíonn focail aonair agus a thosaíonn dá gcur le chéile.

## Paraidím na Néara-Éagsúlachta agus Próiseáil Teanga Gestalt

Is í próiseáil teanga anailíseach an chonair forbartha teanga a bhaineann le daoine néaraitipiciúla nó leis an tromlach ó thaobh na néareolaíochta de. Is minic a ghlactar leis gurb í próiseáil teanga anailíseach atá i gceist nuair a dhéantar tagairt d'fhorbairt 'thipiciúil' teanga agus cumarsáide.

Is bealach difriúil le teanga a fhoghlaim agus a phróiseáil í Próiseáil Teanga Gestalt, ní deacracht ná fadhb le réiteach í. Ba cheart go mbeadh an sprioc cumarsáide fhoriomlán do phróiseálaithe teanga gestalt a bheith mar an gcéanna leis an sprioc do phróiseálaithe teanga anailíseacha – chun cumarsáidithe inniúla agus muiníneacha a éascú, cumarsáidithe atá in ann gach foirm teanga agus cumarsáide a úsáid ar an gcaoi is solúbtha agus is féidir chun a gcuid riachtanas, mianta, smaointe agus tuairimí a chur in iúl.

## Conas deiseanna foghlama teanga do chách a chruthú i do sheomra ranga

Mar mhúinteoir, tá ról an-tábhachtach agat i bhforbairt teanga agus cumarsáide do chuid daltaí ar fad. Le hoideolaíocht fhianaisebhunaithe agus timpeallachtaí foghlama a thacaíonn le cumarsáid, cruthaítear deiseanna do dhaltaí an teanga a fhiosrú agus inniúlacht sa chumarsáid a fhorbairt. Is féidir leat an timpeallacht foghlama teanga a fheabhsú do gach dalta trí na nithe a leanas a dhéanamh:

1. **Tús áite a thabhairt do thimpeallacht shlábháilte trí ghlacadh le difríochtaí, caidrimh fhiúntacha a chothú, gnáthaimh a chur ar bun agus roghanna a chur ar fáil. Is féidir leis na hacmhainní seo a leanas cabhrú leat an méid sin a bhaint amach:**
   - Leabhrán CNOS An Timpeallacht Fhisiciúil agus Íomhánna – a bheidh ar fáil go luath ar láithreán gréasáin CNOS
   - Leabhrán CNOS: Tacaíochtaí Áiseanna Amhairc laistigh de Thimpeallacht Foghlama Ionchuimsitheach
   - NSCE Relate: Cur Chuige Rialachán ar dTús maidir le hIompar a Athfhrámú agus Tacú le Rannpháirteachas agus Rannpháirtíocht Daltaí. (CNOS 2025). https://ncse.ie/wp-content/ uploads/2025/01/NCSE-Relate.pdf
   - LEANS Learning About Neurodiversity at School (LEANS) [Ag Foghlaim faoin Néara-Éagsúlacht Ar Scoil] | Salvesen Mindroom Research Centre (ed.ac.uk)
   - NeuroBears - Pandas (pandasonline.org)
   - Féilire CNOS um Fhoghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí
2. **Tús áite a thabhairt d'idirghníomhú agus cumarsáid atá nádúrtha, barántúil agus lán de bhrí.**
3. **An tábhacht a bhaineann le caint mhúinteora a aithint.**
4. **Feidhmiú faoi stiúir ábhair spéise na ndaltaí i do rannpháirteachas, idirghníomhú, ceachtanna agus súgradh.**

*Chun tuilleadh a fhoghlaim faoin gcaoi le deiseanna foghlama teanga a chruthú i do sheomra ranga, féach an Fhoghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí – Teiripe Urlabhra agus Theanga CNOS atá le fáil duit, mar atá fógartha ar Fhéilire CNOS um Fhoghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí.

Mar mhúinteoir, seans gur eol duit go cinnte nó go n-airíonn tú go láidir cén 'cineál' próiseála teanga atá ag do dhalta. Seans nach mbeidh tú cinnte faoi, uaireanta. Is féidir na deiseanna foghlama teanga thuasluaite a úsáid le gach dalta; na daltaí ar próiseálaithe teanga anailíseacha iad, na daltaí ar próiseálaithe teanga gestalt iad agus na daltaí nach léir go fóill cé acu iad.

Is tábhachtach a thabhairt ar aird gurb é ról atá ag Teiripeoir Urlabhra agus Teanga (TUT):

- An cineál próiseála teanga atá ag tarlú a shainaithint
- An chéim den sealbhú teanga ag a bhfuil próiseálaí teanga gestalt
- Straitéisí a dhíríonn go sonrach ar an dalta a fhorbairt chun tacú leis/léi dul chun cinn ó chéim go céim

Mar mhúinteoir, seans go mbeidh sé cuí na nithe a leanas a dhéanamh, in ord, chun riachtanais oideachais do dhalta a chomhlíonadh sa seomra ranga nó i dtimpeallacht na scoile:

- Straitéisí nó idirghabhálacha a dhíríonn go sonrach ar an dalta i réimse an PTG arna moladh ag Teiripeoir Urlabhra agus Teanga a chur i bhfeidhm, le tacaíocht ó TUT.
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na straitéisí nó na n-idirghabhálacha sin, le tacaíocht ó TUT.
- Tacú leis na daltaí bogadh ar aghaidh ó na straitéisí/idirghabhálacha sin, le tacaíocht ó TUT.

**Tabhair do d'aire:** I gcás ina mbítear ag súil leis go ndéanfaidh múinteoir ceann de na nithe thuas, moltar don mhúinteoir na gníomhaíochtaí sin a lipéadú mar chinn taobh amuigh den ghnáththacar scileanna. Leag amach go soiléir go bhfuil oiliúint, samhaltú agus cóitseáil ó TUT ag teastáil uait chun tacaíocht a dhírítear go sonrach ar an dalta a chur i bhfeidhm go sábháilte. Is féidir leat do phríomhoide, tuismitheoirí agus comhghleacaithe a chur ar a suaimhneas go leanfaidh tú ar aghaidh, in éagmais na tacaíochta sin, de straitéisí fianaisebhunaithe atá ábhartha ó thaobh an oideachais de a chur i bhfeidhm i do thimpeallacht foghlama a bheidh chun tairbhe scileanna cumarsáide agus próiseáil teanga gach dalta. Tugtar breac-chuntas thíos ar phríomhstraitéisí do mhúinteoirí.

## Straitéisí do mhúinteoirí a bhaineann go sonrach le Próiseálaithe Teanga Gestalt

Má cheapann tú nó más eol duit gur phróiseálaí teanga gestalt é nó í dalta i do rang nó i do scoil, moltar sa chéad ásc go dtabharfaidh tú tosaíocht don timpeallacht foghlama teanga a athrú nó a fheabhsú, mar a leagtar amach in Smaointe le haghaidh Tacaíochtaí Uilíocha/Tacaíochtaí sa Seomra Ranga.

Más mian leat straitéisí níos sonraí a chur i bhfeidhm ar leibhéal an ranga uile nó ar bhealach saincheaptha don duine aonair, is tábhachtach a bheith ar an airdeall go mbíonn tú i gcónaí ag obair i dtreo **aitheantas a thabhairt do nathanna cainte gestalt, freagra a thabhairt orthu agus meas a léiriú orthu, agus i dtreo teanga agus cumarsáid mhúinteora a leasú.**

**STRAITÉISÍ UILE-RANGA**

## Aitheantas a thabhairt do nathanna cainte gestalt, freagra a thabhairt orthu agus meas a léiriú orthu

- Nathanna cainte gestalt a aithint agus glacadh leo mar mhodh cumarsáide bailí.
- Dul i dtaithí ar na nathanna cainte gestalt coitianta a úsáideann do dhaltaí/do dhaltaí trí éisteacht leo i rith an lae. Coinnigh nóta de na nathanna cainte gestalt le haghaidh SSP, pleanáil ceachtanna agus tomhais torthaí.

## Caint Mhúinteora a Leasú do Phróiseálaithe Teanga Gestalt

*Déan gach iarracht do theanga agus cumarsáid féin a leasú agus déan machnamh orthu go rialta*

- Déan ceangal le láidreachtaí phróiseálaithe teanga gestalt i do rang trí:
    - Níos mó ceoil, amhrán agus rann a chur san áireamh i do mhúinteoireacht.
    - Do thuin chainte agus do phrosóid chun daltaí a mhealladh agus cuir béim ar fhocail nó frásaí tábhachtacha.
- Déan níos mó tráchtanna agus iarr níos lú ceisteanna. Riail phraiticiúil is ea 4 thrácht a dhéanamh le haghaidh gach ceist is mian leat a chur.

**STRAITÉISÍ SAINCHEAPTHA DON DUINE AONAIR**

## Aitheantas a thabhairt do nathanna cainte gestalt, freagra a thabhairt orthu agus meas a léiriú orthu

- Tosaigh ar na nathanna cainte gestalt a léirmhíniú:
    - Iarr tacaíocht ó thuismitheoirí, cúramóirí, siblíní, piaraí agus múinteoirí eile chun nathanna cainte gestalt a léirmhíniú.
    - Tabhair an buille faoi thuairim is fearr is féidir leat ag úsáid a bhfuil ar eolas agat faoi dalta agus an comhthéacs mar threoir.
    - Coinnigh taifead de léirmhínithe. Tabhair cothrom le dáta an t-am ar fad.
- Tabhair freagra ar nathanna cainte gestalt ina bhfoirm léirmhínithe. Seans go mbeidh sé sin éagsúil ar brath ar an nath cainte gestalt, mar shampla:
    - Leanbh: *Dia dhuit a Uasail Ghréine, rud a chiallaíonn 'táim ag iarraidh dul amach faoin aer'*. Múinteoir: *Tá tú ag iarraidh dul amach faoin aer. Anois tá tú ag ithe lóin. Ina dhiaidh sin, is féidir leat dul amach faoin aer.*
    - Leanbh: *Ag cabaireacht i dtuin chantalach.* Múinteoir: *Ceapaim go bhfuil tú crosta. An féidir liom cabhrú?*
      Díríonn an múinteoir aird ar fhoinse fhéideartha an chantail.
- I gcás nach dtuigeann tú brí nath cainte gestalt láithreach, tabhair aitheantas dó ar feadh do chumais. Sampla d'aitheantas is ea fuinneamh an dalta a mheaitseáil, 'Nílim cinnte' a rá nó athrá a dhéanamh ar an nath cainte gestalt – mar shampla:
    - Leanbh: *Is féidir brath orainn.* Múinteoir*: Is ea, is féidir brath orainn.*

## Caint Mhúinteora a Leasú do Phróiseálaithe Teanga Gestalt

- Leasaigh do shamhaltú teanga do PTG.
- Maidir le próiseálaithe teanga anailíseacha, moltar focal amháin nó cumasc de dhá fhocal a shamhaltú sna céimeanna tosaigh den sealbhú teanga. Maidir le PTG, is fearr frásaí a shamhaltú, mar shampla, *'ar aghaidh linn amach faoin aer'* seachas *'faoin aer*. Má tá tú ag múineadh ar leibhéal an ranga uile, is féidir leat athrú idir an dá fhoirm agus tú ag labhairt leis an rang uile.
- Bain úsáid as struchtúir frásaí comhchosúla do PTG, mar shampla *'ar aghaidh linn amach faoin aer'*, *'ar aghaidh linn chun lón a ithe*, *'ar aghaidh linn chun an leithreas a úsáid'*. Cabhraíonn sé sin le daltaí a thuiscint gur féidir focail a athrú thart ('ar aghaidh linn', sa chás seo) chun rudaí éagsúla a rá.
- Dírigh ar a bhfuil ar intinn ag dalta a chur in iúl ina gcuid cumarsáide agus iad i mbun rannpháirteachais agus idirghníomhaithe. Má cheapann tú gur seans gur PTG é nó í dalta, ná húsáid freagraí chun graiméar nó earráidí fuaime sa chaint a athmhúnlú. Seachas sin, dírigh ar an gcumarsáid a choinneáil ag imeacht ar bhealach atá lán de bhrí don bheirt agaibh.

## Tionchar agus Thorthaí

Bíonn sé deacair uaireanta an tionchar a bhíonn ag athruithe ar an meon faoi PTG agus caint mhúinteora a thomhas. Bain triail as ceann amháin de na straitéisí seo ag an am, ar feadh tréimhse 4-6 seachtaine ar a laghad. Leag amach go soiléir cén t-am den lá a úsáidfidh tú an straitéis agus fiafraigh díot féin ag deireadh gach lá cén difríocht a rinne sé nuair a d'úsáid mé í? Coinnigh taifead de na difríochtaí duit féin, don rang uile agus do dhalta nó daltaí faoi leith, i gcás inarb ábhartha. Ansin roghnaigh straitéis nua agus téigh tríd an bpróiseas arís.

## Liosta Tagairtí

Blanc, M. (2012). Natural Language Acquisition on the Autism Spectrum. COMMUNICATION DEVELOPMENT, [S.l.], 2012.

Kapp, S.K. (2020). Autistic Community and the Neurodiversity Movement.

Learning About Neurodiversity at School (LEANS) | Salvesen Mindroom Research Centre (ed.ac.uk)

NCSE Relate: Cur Chuige Rialachán ar dTús maidir le hIompar a Athfhrámú agus Tacú le Rannpháirteachas agus Rannpháirtíocht Daltaí. (CNOS 2025). https://CNOS.ie/wp-content/ uploads/2025/01/CNOS-Relate.pdf

NHS Trust Coventry and Warwickshire Partnership (2023). What is Gestalt Language Processing? Arna íoslódáil i mí Lúnasa 2024.

Prizant, B. M. (1983). Language acquisition and communicative behavior in autism: Toward an understanding of the "whole" of it. Journal of Speech & Hearing Disorders, 48(3), 296–307. https://doi.org/10.1044/jshd.4803.296.

Walker N. (2014) *Neurodiversity: Some basic terms and definitions*. Ar fáil ag: https:// neuroqueer.com/neurodiversity-terms-and-definitions/ (Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2024).

Walker N, Raymaker DM. Toward a Neuroqueer Future: An Interview with Nick Walker. Autism Adulthood. 2021 Mar 1;3(1):5-10. doi: 10.1089/aut.2020.29014.njw. Epub 2021 Mar 18. PMID: 36601271; PMCID: PMC8992885.